

Aguisín 3 Imleabhar Eolais CTET – Tábla CTET 3: Gnéithe Cáilíochtúla de theanga LABHARTHA (leathnaithe le fóineolaíocht)

	A1	A2
RÉIMSE	Tá stór an-bhunúsach focal / comharthaí agus frásaí simplí a bhaineann le sonraí pearsanta agus cásanna nithiúla ar leith aige.	Úsáideann sé patrúin bhunúsacha abairte ina mbíonn frásaí de ghlanmheabhair, grúpaí focal / comharthaí agus foirmle chun faisnéis theoranta a chur in iúl i gcásanna simplí laethúla.
CRUINNEAS	Ní léiríonn ach smacht teoranta ar roinnt struchtúir ghramadaí shimplí agus patrúin abairte i stór a cuireadh de ghlanmheabhair.	Úsáideann sé roinnt struchtúir shimplí i gceart, ach fós déanann sé botúin bhunúsacha go rialta.
LÍOFACHT	Is féidir leis míreanna cainte réamhullmhaithe an-ghearra aonair den chuid is mó a láimhseáil, cé go mbíonn cuid mhór sosanna sa chomhrá chun nathanna a aimsiú, focail neamhchoitianta a rá, agus cumarsáid a chur ina ceart.	Is féidir leis é féin a chur in iúl i míreanna gearra cainte, cé go mbíonn sosanna ciúnais, iarracht ar leathabairtí agus athchóiriú ann go han-mhínic.
CAIDREAMH	Is féidir leis ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi sonraí pearsanta. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí ach tá cumarsáid ag brath go hiomlán ar athrá, athfhriotail agus athchóiriú.	Is féidir leis ceisteanna a chur agus a fhreagairt agus freagra a thabhairt ar ráitis shimplí. Is féidir leis cur in iúl nuair a thuigeann sé ach is annamh a bhíonn sé in ann go leor a thuiscint chun comhrá a choinneáil ar a chonlán féin.
COMHLEANÚNACHAS	Is féidir leis focail / comharthaí nó grúpaí d'fhocail / comharthaí a nascadh le cónaisc líneacha an-bhunúsacha amhail "agus" nó "ansin".	Is féidir leis grúpaí de na focail a nascadh le cónaisc shimplí cosúil le "agus", "ach" agus "mar gheall ar".
FÓINEOLAÍOCHT	Is féidir le cainteoirí a bhfuil taithí acu a bheith ag plé le daoine ón ngrúpa teanga lena mbaineann sé stór an-teoranta focal agus frásaí foghlamtha a fhuaimniú. Is féidir leis réimse teoranta fuaimeanna a ghiniúint i gceart chomh maith le béim a chur ar fhocail agus ar fhrásaí simplí coitianta.	Is iondúil go mbíonn fuaimniú soiléir go leor le tuiscint, ach beidh orthu siúd atá rannpháirteach sa chomhrá athrá a iarraidh ó am go chéile. D'fhéadfadh rian láidir a bheith ag teangacha eile a labhraíonn an scoláire ar bhéim, rithim agus tuin chainte agus go gcuirfeadh siad sin isteach ar intuigtheacht, go gcaithfidh rannpháirtithe sa chomhrá a bheith comhoibríoch. Mar sin féin, fuaimníonn sé focail choitianta go soiléir.

Aguisín 4 Imleabhar Eolais CEFR – Tábla Lámhleabhar C4: Greille measúnaithe scríofa

	A1	A2
AR AN IOMLÁN	Is féidir leis frásaí agus abairtí simplí aonair a scríobh. Léiríonn nathanna i dtéacsanna níos faide deacrachtaí comhleanúnachais a dhéanann an téacs an-deacair nó dodhéanta a thuiscint.	Is féidir leis sraith frásaí agus abairtí simplí a scríobh agus iad nasctha le cónaisc shimplí amhail "agus", "ach" agus "mar gheall ar". D'fhéadfadh abairtí a bheith i dtéacsanna níos faide a thaispeánfadh fadhbanna comhleanúnachais a dhéanann an téacs deacair a thuiscint.
RÉIMSE	Tá stór an-bhunúsach focal agus frásaí simplí aige a bhaineann le sonraí pearsanta agus le cásanna nithiúla ar leith.	Úsáideann sé patrúin bhunúsacha abairte le frásaí a cuireadh de ghlanmheabhair, grúpaí beaga d'fhocail agus foirmle chun faisnéis theoranta a chur in iúl, i gcásanna coitianta den chuid is mó.
COMHLEANÚNACHAS	Is féidir leis grúpaí focail a nascadh le cónaisc shimplí líneacha amhail "agus" agus "ansin".	Is féidir leis grúpaí focail a nascadh le cónaisc shimplí amhail "agus", "ach" agus "mar gheall ar"
CRUINNEAS	Ní léiríonn sé ach smacht teoranta ar roinnt struchtúir ghramadaí shimplí agus patrúin abairte i stór focal a cuireadh de ghlanmheabhair. D'fhéadfadh sé gur earráidí is cúis le míthuiscintí uaireanta.	Úsáideann sé struchtúir shimplí i gceart, ach fós déanann sé botúin bhunúsacha go rialta. D'fhéadfadh sé gur earráidí is cúis le míthuiscintí uaireanta.
CUR SÍOS	Is féidir leis frásaí agus abairtí simplí a scríobh mar gheall air féin agus daoine samhailteacha, a áit chónaithe agus na rudaí a dhéanann sé, srl.	Is féidir leis cur síos an-ghearr, bunúsach a scríobh ar imeachtaí, gníomhaíochtaí agus eispéiris phearsanta a tharla. Is féidir leis beathaisnéisí simplí samhailteacha a scríobh agus dánta simplí faoi dhaoine chomh maith.
ARGÓINT	N/B	N/B